Craic go leor ag an Champa

*Bhí **Meghan Lynch** agus **Orla Ní Dhuinn** i measc cuid de na páistí a rinne taispeántas damhsa le linn an cheardlann ceoil faoi stiúr **Hannah Devine** (Stáit Aontaithe) agus **Barry Kerr** (Béal Feirste).*

De réir tuairiscí, bhain daltaí, stiúrthóirí agus ceannairí sult iontach as an champa samhraidh i mBaile Locha Riach i mbliana. D'fhreastail suas le dá scór ar fad ar an champa a bhí ar siúl idir 11 agus 22 Lúnasa ag **Gaelscoil Riabhach** sa bhaile.

Bhí an campa eagraithe ag **Gaeilge Locha Riach** i gcomhar le múinteoirí **Ghaelscoil Riabhach** agus maoinithe ag **Foras na Gaeilge**. Bhí **Dora Uí Challanáin** mar stiúrthóir ar an chúrsa agus ceannairí breise ag obair léi i rith na coicíse, **Katie Nic Gabhann**, **Gearóid Ó Cinnéide**, **Conchúr Ó Callanáin** agus **Seán De Faoite**. Bhí go leor cluichí, ról-imirt, ealaín agus a lán eile ar siúl acu le linn an champa.

Mar aon leis an mhéid sin, tháinig go leor cuairteoirí chuig an champa le ceardlanna speisialta a eagrú. Bhí an ceoltóir iomráiteach **Barry Kerr** ó Bhéal Feirste mar aon le **Hannah Devine** ó na Stáit Aontaithe ar cuairt agus iad i mbun cheardlann ceoil le páistí an champa. Cuireadh síos ar na gléasanna traidisiúnta a sheinn siad agus bhí deis ag na páistí a bheith páirteach leo agus a bheith ag damhsa leo.

Bhí **Sibéal Ní Chuimín** i láthair an champa le ceardlanna ealaíona a stiúradh do na páistí agus ba léir gur bhain gach uile duine an-taitneamh astu. Faraor, tháinig siad abhaile le roinnt puipéidí agus eile lámhdhéanta acu féin.

*Bhain na gasúir **Finian Ó Doláin** agus **Christopher McDonnell** an-sult as an cheardlann ealaíon agus púipéidí beaga déanta acu.*

Bhí cóisir iontach pleisiúrtha acu ina raibh amhránaíocht, damhsa, ceol, rogha gach bi agus togha gach di dá gcuid féin acu. Chríochnaigh an campa ar an Aoine agus turas eagraithe go *Feirm Orgánach i bPlasóg na bhFeá*, i mBéal Átha na Slua. Bhí **Úna Ní Bhroin** i láthair le fáilte Uí Cheallaigh a chur rompu agus an slua a thabhairt ar chamchuairt thart ar na tolláin is na gairdíní ina raibh cúig acra lán de ghlasraí éagsúla ag fás. Bhí picnic beag ag na páistí sa pháirc súgartha agus deis acu gabháil chuig an linn snámha ina diaidh.

Caithfidh a rá go raibh freastal breá fairsing ar an champa. Cuireadh fáilte ar leith roimh an teaghlach **Mhic Ghiolla Chear**a as Béal Feirste agus roimh **mhuintir Uí Riain** as Baile Átha Cliath a bhí sa chomharsanacht don tríú bhliain as a chéile don champa.

Mar a tharlaíonn sé, tá comhoibriú iontach ar siúl idir **Ghaeilge Locha Riach** agus **Glór na Móna**, Béal Feirste agus iad ábalta an nasc eatarthu a neartú. Bhuaigh **muintir Mhic Ghiolla Cheara** an príomhdhuais i gcomórtas i measc teaghlaigh **Ghaelscoil na Móna** ina raibh lóistín agus áiteanna curtha ar fáil do na páistí ag **Campa Samhraidh Locha Riach**.

Bhí cairde nua déanta ag an champa samhraidh i mBaile Locha Riach; ina measc ***Aoife Nic Ghiolla Ceara*** *(Béal Feirste),* ***Áine Ní Riain*** *(Baile Átha Cliath) agus* ***Niamh Breathnach*** *(Baile Locha Riach) ag an champa don 3ú bhliain as a chéile.*

Chuir na gasúir ***Pól Ó hUallacháin****,* ***Pádraig Mac Giolla Comhghaill****,* ***Caoilte Ó Baoill*** *agus* ***Séamas Ó hIfearnáin*** *an-spéis i gcúrsaí talmhaíochta ag an fheirm orgánach.*

*Feictear gur thug na cailíní **Amy Ní Ghiollarnáth**, **Meghan Lynch** agus **Orla Ní Dhuinn** cluas maith le héisteacht **d'Úna Ní Bhroin** (dara duine ó chlé) agus iad ag an fheirm orgánach i mBéal Átha na Slua.*

*Seo cuid den scaifte ag fágáil slán ag deireadh an champa ag Gaelscoil Riabhach; (ar chúl) **Dora Uí Challanáin** (stiúrthóir), **Gearóid Ó Cinnéide** (ceannaire), **Oisín Coppinger**, **Caoilte Ó Baoill**, **Katie Nic Gabhann** (ceannaire), **Hannah O'Connor Mahoney**, **Amy Ní Ghiollarnáth** agus **Christopher McDonnell**. (chun tosaigh) **Orla Ní Dhuinn**., **Niamh, Katie** agus **Meghan Lynch**, **Gráinne Ní Ghiollarnáth** agus **Muireann Ní Bhaoill.***